



## Cigire Sábháilteachta Sinsearach (Gás)

\*Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24 (Deis chun obair hibrideach a dhéanamh)

# Spríocdháta: An 27 Bealtaine 2022

## Eolas maidir le CRU

Is é an Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRU) rialálaí fuinnimh agus uisce neamhspleách na hÉireann. Tá tionchar ag an obair a dhéanann CRU ar gach teaghlach agus gnó in Éirinn agus cinntíonn sé go bhfuil soláthairtí fuinnimh agus uisce sácháilte, slána agus inbhuanaithe á soláthar a rachaidh chun tairbhe ár gcustaiméirí ar fad.

Cuirimid ár gcuid oibre i gcrích laistigh de chreat beartais agus reachtúil atá socraithe ag an Rialtas agus táimid freagrach as rialáil eacnamaíoch fuinnimh agus uisce, sácháilteacht fuinnimh agus cosaint tomhaltóirí.

## Rialáil Sácháilteachta Fuinnimh

Tá príomhról ag Rannán Sácháilteachta Fuinnimh CRU i sácháilteacht an phobail a chosaint agus mórtionóiscí in earnáil fuinnimh na hÉireann a chosc. Tá an Rannán freagrach as rialáil sácháilte gáis (líonraí, soláthar, stóráil, úsáid agus dáileadh gáis pheitriiliam leachtaigh), peitriiliam (taiscéalaíocht agus eastóscadh suas an abhainn, ar talamh agus amach ón talamh), suiteálaithe gáis agus conraitheoirí leictreachais. Cuirtear feidhmeanna an Rannáin i gcrích mar seo a leanas:

- trí athbhreithniú a dhéanamh ar agus ionchur a dhéanamh i mbeartas sácháilteachta fuinnimh agus leasuithe reachtúla;
- trí anailís a dhéanamh ar threochtaí sácháilteachta fuinnimh;
- trí chigireachtaí, iniúchtaí, imscrúduithe ar theagmhais agus oibreacha gáis/leictreachais a d'fhéadfadh a bheith mídhleathach; agus
- trí ghníomh forfheidhmiúcháin más gá.

Tá freagrachtaí rialála sácháilteachta gáis ar talamh CRU á gcur i gcrích faoin gCreat Sácháilteachta Gáis (an 'Creat'), ina sonraítear conas a dhéantar gníomhaíochtaí gáis nádúrtha agus Gáis Pheitriiliam Leachtaigh (LPG) a rialáil i gcomhthéacs sácháilteachta. Clúdaítear sa Chreat gach Gnóthas Gáis, lena n-áirítear oibrítheoirí líonraí tarchurtha agus dáileacháin gáis nádúrtha na hÉireann, líonraí dáileacháin LPG agus gach seoltóir agus soláthraí gáis. Cuimsítear anseo maoirseacht ar oibriú sácháilte Líonraí Gáis Éireann (GNI) an líonra gáis ar talamh.

Ceanglaítear ar Ghnóthais Gháis a bheith ceadúnaithe ag CRU agus ceanglaítear ar gach gnóthas ceadúnaithe Cás Sácháilteachta a chur faoi bhráid CRU ina sonraítear a gcuid oibríochtaí ar fad. Ní mór do CRU glacadh leis an gcás sácháilteachta seo chun cur ar chumas an ghnóthais a ghníomhaíochtaí ceadúnaithe a chur i gcrích. Is cion é gníomhaíochtaí gáis áirithe a chur i gcrích gan ceadúnas a fháil ó CRU. Chomh maith leis sin, tá ról imscrúdaithe teagmhais ag CRU agus d'fhéadfadh go mbeadh neamhchomhlíontachtaí leis an gcreat rialála atá sainaitheanta ag CRU trí iniúchtaí agus cigireacht nó imscrúduithe teagmhais mar bhonn le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin.

Tá feidhmeanna cosúla rialála sábháilteachta peitriam ag CRU faoina Chreat Sábháilteachta Peitriam, a rialaíonn gnóthais agus gníomhaíochtaí ola agus gás suas an abhainn in Éirinn.

## Cur Síos ar an Ról

Tá 25 ball foirne ag obair sa Rannán Sábháilteachta Fuinnimh, 8 gcigire/speisialtóir theicniúla ina measc. Tá folúntas ann do Chigire Sábháilteachta Sinsearach laistigh den Rannán Sábháilteachta Fuinnimh, a bheidh ag obair leis an bhFoireann Sábháilteachta Gáis ar dtús. Tá CRU ag fáiltiú roimh iarratais don phost buan seo, ó dhaoine cáilithe, a bhfuil taithí acu, chun tabhairt faoin bpríomhról seo.

Oibreoidh an Cigire Sábháilteachta Sinsearach leis an mBainisteoir Sábháilteachta Gáis, Cigirí/Speisialtóirí eile, Anailísithe Sábháilteachta Gáis agus más cuí, comhairleoirí teicniúla seachtracha, chun a ról a chomhlíonadh.

Ainneoin go mbeidh an t-iarrthóir rathúil ag obair leis an bhFoireann Sábháilteachta Gáis ar dtús, cuirfidh an duine a cheapfar le hobair ghinearálta an Rannáin Sábháilteachta Fuinnimh agus leis an eagraíocht de réir na riachtanas.

## Freagrachtaí

Áirítear i measc fhreagrachtaí sonracha an Chigire Sábháilteachta Sinsearaí (Gás), ach níl siad teoranta do:

- Cláir dhearbhaithe comhlíontachta cás sábháilteachta a fhorbairt chun riachtanais an Chreata Sábháilteachta Gáis a chomhlíonadh;
- Cigireachtaí agus iniúchtaí a dhéanamh ar an líonra/na líonraí gáis nádúrtha agus LPG agus tuairiscí a sholáthar;
- Imscrúduithe teagmhais a dhéanamh agus tuairiscí a sholáthar agus moltaí maidir le feabhsuithe a dhéanamh;
- Breithiúnas a dhéanamh maidir le cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an Creat Sábháilteachta Gáis á chomhlíonadh ag oibritheoir;
- Gníomh forfheidhmiúcháin rialála a mholadh de réir phróisis CRU agus gníomhaíochtaí leantacha a bhainistiú;
- Ionchur a sholáthar do bheartais/treoirínte/nósanna imeachta CRU de réir mar is gá;
- Idirchaidreamh a dhéanamh le comhlachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta ábhartha de réir mar is cuí, lena n-áirítear comhlachtaí rialála eile – e.g. an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta;
- Páirt a ghlacadh i gcoistí teicniúla faoi Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (NSAI)
- Cur le seachadadh foriomlán straitéis CRU
- Piarmheasúnú a dhéanamh ar dhoiciméid, de réir mar a iarrtar
- Comhairle a chur air agus tacú leis an gCoimisiún, an Fhoireann Bhainistíochta Shinsearach agus an eagraíocht trí chéile maidir le saincheisteanna ábhartha rialála nó teicniúla, agus
- Meantóireacht agus oiliúnú ball foirne (e.g. maidir le hiniúchtaí, cigireachtaí agus imscrúduithe).

## **An tIarrthóir**

### **Riachtanais**

- Taithí shuntasach i ndáil le tarchur gáis agus/nó dearadh dáileacháin, tógáil, coimisiúnú agus cothabháil;
- Taithí shuntasach i dtimpeallacht rialála, innealtóireacht próisis thionsclaíoch, sibhialta nó mheicniúil, nó timpeallacht píblínite/líonraí;
- Céim i ndisciplín ábhartha san Innealtóireacht (e.g. Sibhialta/Meicniúil/Próisis/Píblínite/Sábháilteacht agus lontaofacht);
- Taithí ar anailís guaise, measúnú, maolú agus rialú riosca;
- Taithí shuntasach ar iniúchtaí agus imscrúduithe a dhéanamh;
- Taithí ar imscrúduithe teagmhais; agus
- Taithí ar chórais bainistíochta sábháilteachta.

### **Riachtanais inmhianaithe**

- Eolas oibre ar chaighdeáin, cóid chleachtais agus dea-chleachtas idirnáisiúnta ábhartha gáis i dtionscal an gháis;
- Eolas agus tuiscint ar fheidhm agus ar oibriú ionstraimíochta agus trealamh sábháilteachta próisis;
- Taithí ábhartha sa tionscal fuinnimh;
- Taithí ar fhaireachas píblínite, oibriú, freagairt do theagmhais, bainistíocht géarchéime, measúnú ar lochtanna, táthú, tástáil neamhsciosach, hidreatástáil, cigireacht píblínite;
- Taithí ar threalamh a choimisiúnú agus trealamh a cháiliú;
- Taithí ar pháirt a ghlacadh i ngrúpaí oibre teicniúla; agus
- Taithí ar chaidreamh bisiúil le páirtithe leasmhara agus le húdaráis rialála seachtracha a éascú.

### **Croí-Inniúlachtaí**

- Sárscileanna pleanála, eagraíochtúla agus féinbhainistíochta;
- An cumas glacadh le faisnéis, anailís a dhéanamh/dúshlán a thabhairt ar bhealach cuiditheach agus an fhaisnéis sin a roinnt go soiléir agus go hachomair ina dhiaidh sin;
- Cumas cinnteoireachta cruthaithe trí thairbhe a bhaint as breithiúnas fónta;
- Sárscileanna idirphearsanta, i scríbhinn agus ó bhéal;
- Sárscileanna líonraithe/idirbheartaíochta; agus
- Sárscileanna obair foirne

## An Pacáiste

Tá pacáiste mealltach luaite leis an bpost seo:

- I. Tuarastal tosaigh de €76,100 (Scála tuarastail: €76,100 - €99,362)  
*Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go mbeidh an ráta iontrála ag íosmhéid an scála agus go bhféadfaí an ráta luacha saothair a choigeartú ó am go ham de réir pholasaí pá an Rialtais.*

*Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhféadfadh pá agus coinníollacha difriúla a bheith i bhfeidhm más rud é, díreach roimh an gceapachán, gur státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí é an ceapaí faoi láthair.*

- ii. Scéim Pinsin Mhealltaigh
- i. Bronnfar incrimintí faoi réir feidhmíocht shásúil
- ii. An deis a bheith ag obair ó chian le haghaidh suas le 3 lá sa tseachtain
- iv. Rochtain ar an Scéim um Rothaíocht chun na hOibre
- vi. 30 lá saoire bhliantúil
- vii. 9 lá saoire bainc / saoire phoiblí
- viii. Socruithe oibre solúbtha
- ix. Bus / Luas saor ó cháin chun cabhrú le costais taistil chuig agus ón áit oibre
- x. Rochtain ar Chlár Cúnaimh d'Fhostaithe
- xi. Deis breisoideachais

*\*Is dlúthchuid den phost é a bheith ag taisteal ó áit go háit. Ceanglaíonn an ról go mbeadh iniúchtaí agus cigireachtaí leanúnacha ar an láthair á ndéanamh ar bhonneagar gnóthas ar fud na hÉireann.*

## An Próiseas Iarratais

***Tabhair faoi deara, tá RSM Ireland ceaptha ag CRU mar phróiseálaí sonraí chun cabhrú le CRU leis an gcomórtas earcaíochta seo. Baileoidh RSM Ireland an fhaisnéis iarratais agus déanfaidh sé oiriúnacht a mheas thar ceann CRU. Coimeádfar faisnéis a bhailíonn RSM Ireland le haghaidh 12 mhí i ndiaidh thabhairt i gcrích an chomórtais***

Ba cheart C.V. agus litir chumhdaigh ina sonraítear go soiléir conas atá príomhriachtanais an ról á gcomhlíonadh agat a sheoladh (trí ríomhphost) chuig [CRUcareers@rsmireland.ie](mailto:CRUcareers@rsmireland.ie). Sonraigh teideal an phoist i líne ábhair an ríomhphoist.

Glacfar le hiarratais go dtí an 27 Bealtaine 2022 (tráth nach déanaí ná 5pm).

Má tá aon cheist agat, seol ríomhphost chuig [CRUcareers@rsmireland.ie](mailto:CRUcareers@rsmireland.ie).

Tabharfar cuireadh chun agallaimh d'iarrthóirí gearrliostaithe agus b'fhéidir go n-iarrfaí orthu cur i láthair gearr a dhéanamh bunaithe ar achoimre a chuirfear ar fáil roimh an t-agallamh. D'fhéadfaí tairbhe a bhaint as próiseas agallaimh dhá chéim. D'fhéadfadh CRU gearrliosta d'iarrthóirí oiriúnacha a bhunú le haghaidh post a bheidh ar fáil san eagraíocht amach anseo.

Sonraítear i bhFógra Príobháideachais Earcaíochta CRU conas a chosnaímid cearta iarrthóirí ar phost agus tá an Fógra le fáil ar an leathanach Gairmeacha ar Shuíomh Gréasáin CRU (<https://www.cru.ie/wp-content/uploads/2018/05/GDPR-Recruitment-Data-Privacy-Notice-May-2018.pdf>), nó is féidir leat ríomhphost a sheoladh chuig [CRUcareers@rsmireland.ie](mailto:CRUcareers@rsmireland.ie) a chinnteoidh go seolfar an Fógra ar aghaidh chugat.